**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 130 an 17 Bealtaine 2019)*

*(Iris Oifigiúíl an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 17 Bealtaine 2019)*

Ar leathanach 75, Iarscríbhinn III, pointe 8, an ceathrú mír den ráiteas príobháideachais:

*in ionad:* "Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh nó, más iomchuí, an eintiteas dlíthiúil a chruthaigh sé, na rialaitheoirí de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus is féidir dul i dteagmháil trí na sonraí teagmhála atá ar fáil i bpointe 4 den bhfoirm seo.",

*léitear:* "Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, i gcás inarb iomchuí, an t-eintiteas dlíthiúil a chruthaigh siad, an rialaitheoir de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis nó léi trí na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo.",

Ar leathanach 75, Iarscríbhinn III, pointe 8, an séú mír den ráiteas príobháideachais[…]:

*in ionad:* "Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga.",

*léitear:* "Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection.".

Ar leathanach 77, Iarscríbhinn III, pointe 8, an chéad mhír den ráiteas príobháideachais, an chéad abairt:

*in ionad:* "I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní úsáidfear do chuid sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfear ar fáil iad do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin.",

*léitear:* "I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní úsáidfear do chuid sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfear ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin.".

Ar leathanach 77, Iarscríbhinn III, pointe 8, an ceathrú mír den ráiteas príobháideachais:

*in ionad:* "Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, de réir mar is iomchuí, an t-eintiteas dlíthiúil a chruthaigh siad, an rialaitheoir de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis nó léi trí na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo.",

*léitear:* "Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, i gcás inarb iomchuí, an t-eintiteas dlíthiúil a chruthaigh siad, an rialaitheoir de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis nó léi trí na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo.".

Ar leathanach 77, Iarscríbhinn III, pointe 8, an séú mír den ráiteas príobháideachais:

*in ionad:* "Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga.",

*léitear:* "Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection.".